# EXCEL 2024

## CLÁR EALAÍON ÓIGE MHAIGH EO

## MAYO YOUTH ARTS PROGRAMME



# EXCEL 2024

**Is é Excel an clár ealaíon don óige atá ag Comhairle Contae Mhaigh Eo. Tugtar deis ann do dhaoine óga dul i muinín na cruthaiteachta, scileanna ealíne a fhoghlaim i modhanna éagsúla, agus bualadh le cleachtóirí ealaíne.**

**EXCEL is Mayo County Council's Youth Arts programme, which provides an opportunity for young people to explore their creativity, gain skills in various art forms and encounter practicing artists.**

For more information see / Le haghaidh tuilleadh eolais féach:
www.mayo.ie/arts/programme/youth-art/excel



# IONAD EALAÍON BHÉAL AN ÁTHA

## RE-ANIMATE

Cuirfear ceardlanna beochana ar siúl in Ionad Ealaíon Bhéal an Átha do dhaoine óga agus do dhéagóirí a fhreastalóidh ar Fhéile Scannán Daoine óga Embers 2024. Múinfear déagóirí idir 13-18 mbliana d'aois teicnící traidisiúnta na meán measctha agus grianghrafadóireachta beochana íomhá-ar-íomhá a úsáid le scannáin bheochana a chruthú. Foghlaimeoidh rannpháirtithe, trí obair i ngrúpaí, cén chaoi scéalchlár dá rogha téama a chruthú, ar an gcéad dul síos, agus gearrscannán a chruthú ina dhiaidh sin trí líníocht, péintéireacht, agus colláis a úsáid. Cuirfidh an tEalaíontóir Beochana Cónaithe Yulia Bashakova an dá cheardlann ar siúl.

**Is í an maisitheoir agus an beochantóir Yulia Bashakova, a rugadh in Olexandria san Úcráin, a chuirfidh an cheardlann seo ar siúl. Tá cónaí uirthi i mBéal an Átha ó 2022. Rinne sí staidéar ar an ailtireacht in Dnipro sular thosaigh sí ag obair mar dhearthóir don irisleabhar imeallach NA!!!, mar mhaisitheoir do stiúideo WorkRocks agus mar bheochantóir do Nasubia Games. Bhog sí in 2011 go Cathair Pheadair le staidéar a dhéanamh ar scannánaíocht beochana i Scoil Ivan Maximov. Ó tháinig sí go Béal an Átha, d'eagraigh Yulia sraith taispeáintí Beochana do dhaoine fásta in Ionad Ealaíon Bhéal an Átha, gearrscannáin bheochana ina measc ón tSeapáin, an Eastóin, Ceanada, an Fhrainc agus an Chóiré, agus eagróidh sí sraith scannáin bheochana do leanaí i Samhain i mbliana mar chuid d'Fhéile Scannán Embers 2024.**

# BALLINA ARTS CENTRE

## RE-ANIMATE



Ballina Arts Centre will run workshops in animation for young people and teenagers attending the 2024 Embers Young Person's Film Festival. Teenagers aged 13-18 years old will be taught to use traditional mixed media and stop motion photography techniques to produce animated films. Participants will learn, through working in groups, to firstly create a storyboard of their chosen theme, and then use drawing, painting, and collage to create a short film.

**This workshop will be led by Yulia Bashakova, an illustrator and animator born in Olexandria, Ukraine. She has been resident in Ballina since 2022. She studied architecture in Dnipro before working as a designer for the marginal magazine NA!!!, as an illustrator for Workrocks studio and as an animator for Nasubia Games. In 2011 she moved to Saint-Petersburg to study animation film-making in Ivan Maximov's School. Since arriving in Ballina, Yulia has programmed a series of animation screenings for adults in Ballina Arts Centre featuring short, animated films from Japan, Estonia, Canada, France and Korea, and in November this year she will programme a series of animated films for children as part of the 2024 Embers Film Festival.**

# FORAS EALAÍON BHAILE AN GHLEANNA

## DÉANAMH PRIONTAÍ TRIALACH

Tabharfar tús eolais sa tionscadal seo do dhéagóirí idir 13-18 mbliana d'aois ar theicnící déanta priontaí, gan ach ábhair a chuirtear san araid athchúrsála a úsáid. Díreoidh rannpháirtithe ar scileanna teicniúla, feasacht chomhshaoil, ar ábhair atá ar fáil, agus ar léiriú pearsanta i dtimpeallacht réchúiseach chruthaitheach.


**Is í Nuala Clarke, an Coimeádaí Foghlama ag Foras Ealaíon Bhaile an Ghleanna, a chuirfidh an cheardlann seo ar siúl. Tá clár na scoileanna agus na healaíona don ógra á stiúradh aici ó 2014. Díríonn a stíl mhúinteoireachta, atá bunaithe ar thaithí ghairmiúil, ar neartú an cheangail idir na scoláirí agus a bhfís féin phearsanta trí thriail a bhaint.**



# BALLINGLEN ARTS FOUNDATION

## EXPERIMENTAL PRINTMAKING

This project will introduce teenagers aged 13-18 years old, to experimental printmaking techniques, solely using materials found in the recycling bin. Participants will focus on technical skills, environmental awareness, available materials, and personal expression in a relaxed creative environment.



**This workshop will be led by artist Nuala Clarke, the Learning Curator at The Ballinglen Arts Foundation. She has been leading the schools programme and youth arts since 2014. Her teaching style, based on professional experience, focuses on strengthening the students' relationship to their own personal vision through experimentation.**

www.ballinglenartsfoundation.org/

# IONAD EALAÍON HALLA AN LÍNÉADAIGH

## COMHOIBRIÚ CRUTHAITHEACH

Ceardlann é Comhoibriú Cruthaitheach do dhaoine fásta óga aois 15-20 bliain ina bhfiosraítear féidearthachtaí agus praiticiúlacht an chomhoibrithe chruthaithigh sna healaíona. Tabharfar deis sa cheardlann, a chuirfidh an cumadóir Michael Gallen agus an taibheoir Patrick Ó Laoghaire ar bun, do rannpháirtithe smaointe nua agus atá ann faoi láthair a fhiosrú ar bhonn aonair agus i dteannta a chéile. Déanfaidh na héascaitheoirí idirchaidreamh leis na rannpháirtithe agus spreagfaidh siad síolta nua a chur atá spreagtha ag obair ealaíontóirí eile trí úsáid a bhaint as meáin éagsúla, an ceol, an focal labhartha agus scríofa agus íomhánna san áireamh. Tá mar aidhm ag an gceardlann spás a chruthú le hobair le gnéithe éagsúla ealaíonta i rith lá taitneamhach ina ndéantar rudaí le chéile. Cuirfear plé ar siúl ar an lá freisin faoi shaol an ealaíontóra/an déantóra/an chruthaitheora ghairmiúil.

**Cumadóir, scríbhneoir, stiúrthóir agus taibheoir Éireannach é Michael Gallen. I measc a shaothar mór le rá le déanaí, tá Bád ón Alltar (2024), saothar mór ceolfhoirne a chomhchoimisiúnaigh Orchestre Nationale de Bretagne, Ceolfhoireann Uladh agus Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta na hÉireann; Impí (2024), píosa le haghaidh sopráin agus ceolfhoireann aireagail a choimisiúnaigh Radio France; agus Session, píosa a chomhchruthaíodh leis na healaíontóirí damhsa Colin Dunne agus Sidi Larbi Cherkaoui, a tugadh ar turas timpeall phríomhstáitsí na hEorpa in 2019/20, première in Éirinn ag Amharclann na Mainistreach san áireamh.**

**Cumadóir amhrán, cumadóir ceoil, scríbhneoir agus taibheoir Éireannach é Patrick Ó Laoghaire. Sheinn sé ar fud an domhain go dtí tráth déanach in 2023 faoin ainm cleite I Have a Tribe, agus d'oibrigh sé as lámh le ceoltóirí cosúil le Lisa Hannigan, Clare Sands, Anna Calvi agus Leslie Feist. Sheinn Ó Laoghaire i Staid Wembley, in ionad an 3 Arena i mBaile Átha Cliath, (le Bon Iver), sa Cheoláras Náisiúnta, ag ionad Shráid an Bhiocáire, sa CCI i bPáras, agus in áiteanna eile. Glacann sé páirt go rialta le comharghrúpa PEOPLE, atá á choinneáil ag The National, agus tugadh cuireadh dó ceardlanna a chur ar bun ar an gcumadóireacht amhrán agus ar chumadóireacht ceoil in Acadamh Ceoil Domhanda na hÉireann, Ollscoil Luimnigh.**

# LINENHALL ARTS CENTRE



## CREATIVE COLLABORATION

Creative Collaboration is a workshop for young adults aged 15-20 years old to explore and engage with the possibilities and practicalities of creative collaboration in the arts. The workshop, facilitated by composer Michael Gallen & performer Patrick O 'Laoghaire, will allow participants to explore new and existing ideas both individually and collectively. Facilitators will engage with participants and encourage the planting of new seeds inspired by the work of fellow artists using various media including music, spoken and written word, and imagery. The workshop aims to create a space to work with different artistic elements in an enjoyable day of collective making. The day will also include a discussion about the experience of life as a professional artist/maker/creator.



**Michael Gallen is an Irish composer, writer, director and performer. Recent works of note include Bád ón Alltar (2024), a new large-scale orchestral work co-commissioned by the Orchestre Nationale de Bretagne, Ulster Orchestra and the Irish National Symphony Orchestra; Impí (2024), a piece for soprano and chamber orchestra commissioned by Radio France; and Session, a co-creation with dance artists Colin Dunne and Sidi Larbi Cherkaoui which toured across the main stages of Europe in 2019/20, including an Irish premiere at the Abbey Theatre.**



**Patrick O'Laoghaire is an Irish songwriter, composer, writer and performer. Until late 2023, he performed worldwide under the moniker I Have a Tribe, collaborating with acts such as Lisa Hannigan, Clare Sands, Anna Calvi, Leslie Feist. O'Laoghaire has performed in Wembley Stadium, 3 Arena Dublin, (with Bon Iver), NCH, Vicar Street, CCI Paris, amongst others. He is a regular participant with the PEOPLE collective, curated by The National, and has been invited to hold workshops on songwriting and composition in the Irish World Academy of Music, University of Limerick.**

www.thelinenhall.com/

# STIÚIDEO CUSTOM HOUSE, CATHAIR NA MART

## LÁ EOLAIS AR PHORTFÓILIÓ A ULLMHÚ

Díreofar an cheardlann seo, a reáchtálfar ar an 16 Samhain, ar scoláirí dara leibhéal ón 4ú go dtí an 6ú Bliain atá ag smaoineamh faoi chur isteach ar chúrsa tríú leibhéal sna hamharc-ealaíona. Foghlaimeoidh na scoláirí ar an lá cén chaoi is fearr portfóilió a ullmhú, na rudaí atá le cur san áireamh agus cén chaoi is fearr d'obair a chur i láthair. Tugtar deis duit sa phortfóilió do chumas cruthaitheach a thaispeáint le haghaidh cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta agus 3ú leibhéal.

Cuirfear an deis do scoláirí sa lá eolais seo, a chuirfidh John Brady, Sinéad Wall agus Joanna Hopkins ar siúl, cuairt a thabhairt ar dhánlann ealaíne, páirt a ghlacadh i dturas treoraithe ar an taispeántas agus foghlaim ó ealaíontóirí agus acadóirí a dhíríonn go speisialta ar chleachtais amharc-ealaíne.

**Amharc-ealaíontóir é John Brady agus tá sé ina léachtóir ag ATU le 27 bliain anuas. Múineann sé an MA, an BA Onóracha agus an Chéim Páirtaimseartha i gCleachtas Ealaíne Comhaimseartha, chomh maith le clár na Chéad Bhliana.**

**Thosaigh Sinéad Wall ag obair le foireann WCFE in 2007 agus tá na modúil Déanamh Priontaí, Stair agus Léirthuiscint ar Ealaín agus Dearadh, Grianghrafadóireacht Mínealaíne, Scriptscríbhneoireacht agus Taithí Oibre á múineadh aici faoi láthair.**

**Ealaíontóir Éireannach í Joanna Hopkins a oibríonn i bhfíseán, colláis, líníocht, grianghrafadóireacht agus suiteálacha. Tá cleachtas taighdebhunaithe aici, agus is minic go n-oibríonn sí i suíomhanna ar leith, agus tá taispeántais curtha ar bun aici ar fud na hÉireann, an RA, na hEorpa, na Síne agus na Stát Aontaithe.**

# CUSTOM HOUSE STUDIO WESTPORT

## PORTFOLIO PREPARATION INFORMATION DAY



This workshop is for second level students, from 4th to 6th year who are considering applying for a third level visual art course. On the day, students will learn how to best prepare a portfolio, what to include in a portfolio and how best to present their work. The portfolio is an opportunity to show your creative abilities to Post Leaving Cert and 3rd level courses.

This information day, facilitated by John Brady, Sinead Wall and Joanna Hopkins, will provide students with the opportunity to visit an art gallery, participate in a guided tour of the exhibition and learn from artists and academics specialising in visual art practices.

**John Brady is a visual artist and has been a lecturer in ATU for the last 27 years. He teaches on the MA In Contemporary Art Practice, the BA Honours and Part-Time Degree and also the First-Year program.**

**Sinéad Wall joined the staff of WCFE in 2007 and is presently teaching Printmaking, History and Appreciation of Art and Design, Fine Art Photography, Scriptwriting and Work Experience modules.**

**Joanna Hopkins is an Irish artist working in video, collage, drawing, photography and installation. She has a research-based practice, often working site specifically, and has exhibited across Ireland, the UK, Europe, China and the US.**

www.customhousestudios.ie/

# AMHARCLANN ÓIGE
# NEW STAGE, BÉAL EASA
# NEW STAGE YOUTH THEATRE
# FOXFORD




## AMHARCLANN ÓIGE - CUAIRTEANNA AR AMHARCLANN

Freastalóidh Amharclann Óige New Stage, grúpa ina bhfuil 29 déagóir idir 12 agus 18 mbliana d'aois, ar dhá sheó an 28 Meán Fómhair agus an 4 Deireadh Fómhair. Beidh *The Dead Letter Post Box* ar siúl in Amharclann Halla an Bhaile i gCathair na Mart agus tabharfar deis lena linn freisin chun casadh leis an aisteoir/an scríbhneoir Máire Lou McCarthy. Beidh an grúpa ag freastal freisin ar *What will the Ending be* in Ionad Ealaíon Bhéal an Átha agus cuirfear ceardlann ar siúl leis an Stiúrthóir, chomh maith le sólaistí éadroma ina diaidh roimh an seó. Críochnófar an tráthnóna le seisiún ceisteanna agus freagraí.

Is é Misean na hAmharclainne Óige timpeallacht shábháilte agus chruthaitheach a chruthú do dhaoine óga le domhan na hamharclannaíochta a fhiosrú a dhéanfaidh na baill a spreagadh agus a nuálú chun a saothar féin ealaíonta a chruthú. Trí chuairt a thabhairt ar amharclanna, is féidir leo an spás atá ar fáil a fheiceáil, is féidir leo casadh le haisteoirí gairmiúla, foireann stáitse na n-aisteoirí agus le stiúrthóirí. Spreagfaidh sé iad an mhuinín a bheith acu a stíl féin oibre a chruthú trí éagsúlacht oibre a fheiceáil.

## YOUTH THEATRE - THEATRE VISITS

The New Stage Youth Theatre is a group made up of 29 teenagers aged 12 to 18 years old, and the group will attend two shows on the 28th of September and the 4th of October. *The Dead Letter Post Box* will take place in Westport Town Hall Theatre and will also feature an opportunity to meet with the actress/writer Mary Lou McCarthy. The group will also attend *What will the Ending be* in Ballina Arts Centre and there will be a workshop with the Director, followed by light refreshments prior to the show. The evening will conclude with a questions and answer session.

The Youth Theatre's Mission is to create a safe and creative environment for young people to explore the world of theatre that will inspire and innovate the members to create their own artistic work. By experiencing live theatre, they can see the space that's available, and meet with professional actors, actors, stage crew and directors. By seeing a variety of work, it will inspire them to have the confidence to create their own style of work.

www.mayo.ie/arts/programme/youth-art/mayo-youth-theatre

the arts council
an chomhairle ealaíon

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council